AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 553 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis an scéim scoile chun torthaí, glasraí agus bainne a sholáthar (‘scéim scoile an Aontais’), idirghabhálacha earnála, earnáil próitéine a chruthú, ceanglais maidir le cnáib, an fhéidearthacht maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh cáise, barra próitéine agus feola, cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise, rialacha maidir le hinfhaighteacht soláthairtí tráth éigeandála agus géarchéime tromchúise agus urrúis

IARSCRÍBHINN I

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid IV:

'*CUID IV*

Barra próitéine

Cumhdófar na táirgí a liostaítear i Ranna 1 agus 2 den Chuid seo faoin earnáil barr próitéine.

Roinn 1

Glasraí léagúmacha triomaithe

Cód AC	**Tuairisc**
ex 0713	Glasraí léagúmacha triomaithe, scilligthe, cibé acu scafa nó scoilte nó gan a bheith:
ex 0713 10	– Piseanna (Pisum sativum):
0713 10 90	– – Seachas le cur
ex 0713 20 00	– Sicphiseánaigh (garbanzos), seachas le cur
	– Pónairí (Vigna spp., Phaseolus spp.):
ex 0713 31 00	– – Pónairí den speiceas Vigna mungo (L) Hepper nó Vigna radiata (L) Wilczek, seachas le cur
ex 0713 32 00	– – Pónairí dearga beaga (Adzuki) (Phaseolus nó Vigna angularis), seachas le cur
ex 0713 33	– – Pónairí duánacha, lena n-áirítear pónairí pise bána (Phaseolus vulgaris):
0713 33 90	– – – Seachas le cur
ex 0713 34 00	– – Pónairí Bambara (Vigna subterranea nó Voandzeia subterranea), seachas le cur
ex 0713 35 00	– – Piseanna bó (Vigna unguiculata), seachas le cur
ex 0713 39 00	– – Eile, seachas le cur
ex 0713 40 00	– Lintilí, seachas le cur
ex 0713 50 00	– Pónairí leathana (Vicia faba var. major) agus pónairí capaill (Vicia faba var. equina agus Vicia faba var. minor), seachas le cur
ex 0713 60 00	– Piseanna colúir (Cajanus cajan), seachas le cur
ex 0713 90 00	– Eile, seachas le cur
1201 90 00	Pónairí soighe, bíodh siad briste nó gan a bheith briste, seachas síolta
1202 41 00	Piseanna talún, nach bhfuil rósta ná cócaráilte i slí eile, sa bhlaosc, seachas síolta
1202 42 00	Piseanna talún, nach bhfuil rósta ná cócaráilte i slí eile, scilligthe, bíodh siad briste nó gan a bheith briste, seachas síolta
ex 1209 29 45	Síolta peasaire, seachas le cur
ex 1209 29 50	Síolta lúipín, seachas le cur

Roinn 2

Farae léagúmach

1214 10 00	– Min agus millíní de mheidic na mbó (alfalfa)

ex 1214 90 90	– Meidic na mbó, goirm choiligh, seamair, lúipíní, peasairí, loiteog meala, peasair shicphiseánach, crobh éin agus táirgí farae léagúmacha comhchosúla

(b) i gCuid VIII, cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

‘1204 00 90 Ros lín, cibé acu atá briste nó nach bhfuil, seachas le cur

1207 99 91 Síolta cnáibe, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur

ex 1211 90 86 Codanna eile den phlanda cnáibe’;

(c) i gCuid XXIV, leasaítear Roinn 1 mar a leanas:

(a) scriostar na rónna a áirítear i gceannteideal ex 0713;

(b) scriostar na rónna a bhaineann le cód AC 1201 90 00, 1202 41 00 agus 1202 42 00;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna a áirítear i gceannteideal ex 1214:

‘ex 1214 Svaeideanna, meaingil, fréamhacha farae, féar tirim, cál farae, agus táirgí foráiste comhchosúla, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil:

ex 1214 90 – Eile:

1214 90 10 – – Meaingil, svaeideanna agus fréamhacha farae eile

ex 1214 90 90 – – Eile, gan farae léagúmach a áireamh’;

(d) na rónna a bhaineann le cóid AC

1204 00 90 agus

scriostar 1207 99 91;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tuairisce san iontráil a bhaineann le ceannteideal ex 1211:

‘Plandaí agus codanna de phlandaí (lena n-áirítear síolta agus torthaí) de chineál a úsáidtear go príomha i gcumhradóireacht, i gcógaisíocht nó le haghaidh feithidicídí, fuingicídí nó nithe comhchosúla, úra nó triomaithe, cibé acu gearrtha, brúite nó púdraithe nó gan bheith, seachas na táirgí a liostaítear faoi chód AC ex 1211 90 86 i gCuid VIII agus IX;’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tuairisce san iontráil a bhaineann le ceannteidil ex 2309 90 91 go 2309 90 96:

‘– – – Seachas bia ina bhfuil stáirse, glúcós, síoróip ghlúcóis, maltaideistrin nó síoróip mhaltaideistrine faoi fho-cheannteidil 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 90, 1702 90 50 agus 2106 90 55 nó táirgí bainne’;

(2) in Iarscríbhinn II, Cuid II, Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 5 agus 6:

‘5. Ciallaíonn ‘conradh seachadta’ conradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir agus gnóthas chun biatas nó cána siúcra a sheachadadh le haghaidh siúcra a mhonarú.

6. Ciallaíonn ‘comhaontú laistigh den trádáil’ ceann díobh seo a leanas:

(a) comhaontú arna thabhairt i gcrích, sula dtabharfar conradh seachadta ar bith i gcrích, idir gnóthais nó eagraíocht gnóthas arna haithint ag an mBallstát lena mbaineann, nó grúpa eagraíochtaí gnóthas den chineál sin, ar láimh amháin agus comhlachas díoltóirí biatais nó cána siúcra arna aithint ag an mBallstát lena mbaineann ar an láimh eile;

(b) mura bhfuil comhaontú ann amhail an ceann dá dtagraítear i bpointe (a), an dlí maidir le cuideachtaí agus an dlí maidir le comharchumainn, chomh fada is a rialaíonn siad seachadadh biatais siúcra agus cána siúcra ag scairshealbhóirí nó ag baill cuideachta nó comharchumainn a dhéanann siúcra a mhonarú.’;

(3) in Iarscríbhinn IV, Cuid B, Roinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘1. Déanfar an cion feola trua a mheasúnú trí bhíthin modhanna grádaithe arna n-údarú ag na Ballstáit. Ní fhéadfar ach modhanna atá cruthaithe de réir staidrimh bunaithe ar thomhas fisiceach cuid anatamaíoch amháin nó níos mó den chonablach muice a údarú. Beidh údarú na modhanna grádaithe faoi réir comhlíonadh uaslamháltais le haghaidh earráid staidrimh le linn measúnú.’;

(4) in Iarscríbhinn VII cuirtear isteach an Chuid seo a leanas:

‘*Cuid Ia*

Ainmniúcháin feola agus táirgí feola

1. Ciallaíonn ‘feoil’ na codanna inite d’ainmhí, agus an méid sin amháin.

2. Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn ‘táirgí feola’ táirgí a fhaightear ó fheoil amháin, ar an tuiscint gur féidir substaintí a bhfuil gá leo chun iad a mhonarú a chur leo ar choinníoll nach n-úsáidtear na substaintí sin chun iad a chur in ionad aon chomhábhair feola, go hiomlán nó go páirteach.

3. Forchoimeádfar na hainmneacha seo a leanas do tháirgí a dhíorthaítear go heisiach ó fheoil ag gach céim den mhargaíocht:

(a) Mairteoil;

(b) Laofheoil;

(c) Muiceoil;

(d) Éanlaith chlóis;

(e) Sicín;

(f) Turcaí;

(g) Lacha;

(h) Gé;

(i) Uaineoil;

(j) Caoireoil;

(k) Ainmhithe de mhianach caorach;

(l) Gabhar;

(m) Lorga sicín;

(n) Luan bog;

(o) Caoldroim;

(p) Cliathán;

(q) Luan;

(r) Easnacha;

(s) Gualainn;

(t) Lorga;

(u) Gríscín;

(v) Eite;

(w) Brollach;

(x) Leis;

(y) Briscéad;

(z) Súil easnach;

(aa) T-chnámh;

(bb) Geadán;

(cc) Bagún.

4. Féadfar an téarma ‘feoil’ agus na hainmniúcháin a liostaítear i bpointe 3 a úsáid freisin i gcomhar le focal nó focail chun táirgí ilchodacha a ainmniú, ar táirgí iad nach bhfuil aon chuid díobh ag tógáil ionad aon chomhábhair feola nó nach bhfuil sé beartaithe go dtógfar aon chuid díobh agus a bhfuil feoil ina cuid bhunriachtanach díobh ó thaobh chainníocht nó shaintréithriú an táirge de.’;

(5) leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal na hIarscríbhinne:

‘**TÉARMAÍ CEANNAIGH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 125(3)**’;

(b) i ndiaidh an teidil, cuirtear isteach an teideal seo a leanas de Chuid I:

‘CUID I

Téarmaí ceannaigh do bhiatais’;

(c) i bpointe VIII cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘1. Forálfar le conarthaí seachadta go measfar gur leis an díoltóir biatais an laíon a fhaightear ó chainníocht iomlán an bhiatais a sheachadtar agus ceanglófar ar ghnóthais siúcra ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh i ndáil leis an laíon sin:

(a) an laíon iomlán nó cuid de a chur ar ais, úr, saor in aisce don díoltóir biatais, díreach ón monarcha;

(b) cuid den laíon sin a chur ar ais, brúite, triomaithe nó triomaithe agus molásaithe, saor in aisce don díoltóir biatais, díreach ón monarcha. Sa chás sin,

sonrófar sa chonradh seachadta an chuid den laíon atá le coinneáil ag an ngnóthas siúcra, saor in aisce;

(c) an laíon iomlán nó cuid de a chur ar ais, brúite nó triomaithe, don díoltóir biatais, díreach ón monarcha. Sa chás sin, sonrófar sa chonradh seachadta an méid laín atá le tabhairt ar ais don díoltóir biatais agus na costais bhrúite nó triomaithe atá le híoc ag an díoltóir biatais leis an ngnóthas siúcra;

(d) an laíon iomlán nó cuid de a choinneáil. Sa chás sin, sonrófar sa chonradh seachadta an méid laín atá le coinneáil ag an ngnóthas siúcra agus an praghas nó an modh ríofa do luach an laín atá le híoc ag an ngnóthas siúcra leis an díoltóir biatais. Beidh an praghas nó an modh ríofa le haghaidh luach an laín bunaithe ar na féidearthachtaí maidir leis an laíon lena mbaineann a dhíol;';

(d) cuirtear isteach an Chuid seo a leanas:

'*CUID II*

Téarmaí ceannaigh do chána

Tá feidhm *mutatis mutandis* ag na téarmaí ceannaigh le haghaidh biatais a leagtar amach i gCuid I maidir le cána siúcra.'.

IARSCRÍBHINN II

‘IARSCRÍBHINN Ia

LIOSTA DE NA TÁIRGÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 30(1)

Cód AC	Tuairisc
ex 0101	Capaill, asail, miúileanna agus ráinigh bheo:
	– Capaill
0101 21 00	– – Ainmhithe síolrúcháin folaíochta*
0101 29	– – Eile:
0101 29 10	– – – Lena marú
0101 29 90	– – – Eile
0101 30 00	– Asail
0101 90 00	– Eile
ex 0103	Mucra beo:
0103 10 00	– Ainmhithe síolrúcháin folaíochta**
ex 0106	Ainmhithe beo eile:
0106 14 10	– Coiníní clóis
ex 0106 19 00	– – Eile: réinfhianna agus fianna
0106 33 00	– – Ostraisí; éamúnna (*Dromaius novaehollandiae*)
0106 39 10	– – – Colúir
0106 39 80	– – – Éin eile
ex 0205 00	Feoil chapaill, í úr, fuaraithe nó reoite
ex 0208	Feoil agus scairteach feola inite eile, í úr, fuaraithe nó reoite:
ex 0208 10 10	– – Feoil coiníní clóis
ex 0208 90 10	– – Feoil colúr chlóis
ex 0208 90 30	– – Feoil ó ghéim, seachas coiníní nó giorriacha
ex 0208 90 60	– – Feoil réinfhianna
ex 0407	Uibheacha éan, sna blaoscanna, úra, leasaithe nó cócaráilte:
0407 19 90	– Toirchithe, seachas uibheacha éanlaithe clóis
0407 29 90	– Uibheacha úra eile, seachas uibheacha éanlaithe clóis
0407 90 90	– Uibheacha eile, seachas uibheacha éanlaithe clóis
0701	Prátaí, iad úr nó fuaraithe

1203 00 00	Copra
1205 10 90	Síolta ráibe nó síolta colsa íseal-aigéid éarúcaigh, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
1205 90 00	Síolta ráibe nó síolta colsa eile, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
1206 00 91	Síolta lus na gréine, scilligthe; i mblaosc a bhfuil stríoca liatha agus bána air, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
1206 00 99	Síolta lus na gréine eile, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
1207 29 00	Síolta cadáis, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
1207 40 90	Síolta seasamain, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
1207 50 90	Síolta mustaird, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
1207 60 00	– Síolta cróch bréige (*Carthamus tinctorius*)
1207 91 90	Síolta poipín, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
ex 1207 99 96	Síolta ola eile agus torthaí olúla, cibé acu atá siad briste nó nach bhfuil, seachas le cur
ex 1211	Plandaí agus codanna de phlandaí (lena n-áirítear síolta agus torthaí) de chineál a úsáidtear go príomha i gcumhradóireacht, i gcógaisíocht nó le haghaidh feithidicídí, fuingicídí nó nithe comhchosúla, úra nó triomaithe, cibé acu gearrtha, brúite nó púdraithe nó gan bheith, seachas na táirgí a liostaítear faoi chód AC ex 1211 90 86 i gCodanna VIII agus IX
1212 94 00	Fréamhacha siocaire
ex 1214	Svaeideanna, meaingil, fréamhacha farae, féar tirim, cál foráiste, agus táirgí foráiste comhchosúla, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil:
ex 1214 90	– Eile:
1214 90 10	– – Meaingil, svaeideanna agus fréamhacha farae eile
ex 1214 90 90	– – Eile, ach amháin farae léagúmach
ex 2206	Deochanna coipthe eile (mar shampla, ceirtlis, leann piorraí, meá); meascáin de dheochanna coipthe agus meascáin de dheochanna coipthe agus deochanna neamh-mheisciúla, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:
ex 2206 00 31 go ex 2206 00 89	– Deochanna coipthe seachas piquette
5201	Cadás, gan cardáil gan cíoradh

***** Tá iontráil faoin bhfo-cheannteideal seo faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i bhforálacha ábhartha an Aontais (féach Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh san Aontas agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear

Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoir 89/608/CEE ón gComhairle agus Treoir 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe (‘An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe’) (IO L 59, 3.3.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/262/oj) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/262 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2015 lena leagtar síos na rialacha de bhun na Treorach 90/427/CEE agus na Treorach 2009/156/CE ón gComhairle i dtaca leis na modhanna chun eachainmhithe a shainaithint (Rialachán Pas Eachaithe) (IO L 171, 29.6.2016, lch. 66, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1012/oj).

**Rialachán (AE) 2016/1012.’